**Scoil an Altranais agus an Chnáimhseachais, OÉ Gaillimh**
**Téarmaí Tagartha an**

**Chomhghrúpa Oibre**

**Áitiúla**

Feidhmeoidh an Grúpa mar ghrúpa comhairleach de na príomhpháirtithe leasmhara don Chéim Bhaitsiléara san Eolaíocht (Altranas), Ginearálta, Meabhairshláinte, Céim Bhaitsiléara san Eolaíocht (Cnáimhseachas), Ard-Dioplóma i gCnáimhseachas, MSc/Dioplóma Iarchéime Eolaíocht(aí) Sláinte, Altranas Sláinte Poiblí, Teastas in Ordú Oideas d'Altraí agus éascú a dhéanamh ar rannpháirtíocht na bpríomhpháirtithe leasmhara i leith nithe a bhaineann leis an gclár/na cláir.

Chuige seo, déanfaidh an Grúpa an méid seo a leanas:

1. Forbhreathnú straitéiseach a sholáthar, monatóireacht a dhéanamh ar dhul chun cinn agus aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna comhpháirtíochta a d’fhéadfadh teacht chun cinn.

2. Treoir agus soiléiriú a thabhairt ar ábhair a bhaineann leis na cláir mar atá liostaithe thuas.

3. Monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn maidir leis na cláir atá liostaithe thuas.

4. Athbhreithniú a dhéanamh ar an straitéis chumarsáide áitiúil de réir mar is gá.

5. Na himpleachtaí seirbhíse oideachais agus altranais agus cnáimhseachais a éiríonn as an ngá atá le socrúcháin bhreise agus intéirneachta ar na cláir a chur san áireamh.

6. Maidir le gné socrúcháin intéirneachta na gclár, gníomhú chun a chinntiú go bhfuil aidhmeanna agus cuspóirí na gclár á mbaint amach.

7. Ó am go ham, agus má mheastar go bhfuil gá leo, fochoistí a bhunú chun tabhairt faoi obair a bhaineann le haidhmeanna an ghrúpa.

8. Ó am go ham, dul i gcomhairle le daoine aonair a bhfuil baint acu le hoideachas, cleachtas cliniciúil agus bainistíocht cúraim sláinte chun comhairle agus/nó cur le plé an ghrúpa.

9. Beidh córam ionadaithe ó gach ospidéal nó a n-ionadaithe (ar tugadh údarás dóibh) agus ionadaithe Scoile de réir bhallraíocht an choiste thíos, i láthair chun cinnteoireacht a éascú. Le go leanfaidh cruinniú ar aghaidh ba chóir go mbeadh an cathaoirleach sásta go bhfuil dóthain ionadaíochta ann ó na páirtithe leasmhara.

**Ballraíocht**

Is iad comhaltaí an Choiste:

- Meabhránaí OÉ Gaillimh
- Déan Choláiste an Leighis, an Altranais agus na nEolaíochtaí Sláinte, Ceann Scoil an Altranais & an Chnáimhseachais, agus/nó cibé duine/daoine eile a ainmníonn an Déan.
- Cathaoir Bhunaithe an Altranais agus Cathaoir Bhunaithe an Chnáimhseachais
- Stiúrthóir Grúpa Altranais & Cnáimhseachais agus Comhordaitheoir Forbartha Cleachtais gach Ospidéil/réimse sláinte rannpháirteach.
- Comhordaitheoirí Fochéime agus Iarchéime OÉ Gaillimh
- Oifigeach Leithdháilte Cliniciúla Scoile
- Ionadaí ó Aonaid Chnáimhseachais, Altranais, Pleanála agus Forbartha (NMPDU)
- Ionadaí ó Chomhairle na Mac Léinn
- Príomhoifigeach Oibriúcháin Saolta
- Príomhoifigeach Oibriúcháin OÉ Gaillimh

**Oifigigh**

Cathaoirleach, is é sin an Meabhránaí nó a ainmní. Rúnaí

Oinigh

**Minicíocht na gCruinnithe**

Faoi dhó sa bhliain ar a laghad.